# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2022/1850 ÓN gCOMHAIRLE

### an 20 Meán Fómhair 2022

### maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe sa Chomhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú i ndáil le leasuithe áirithe ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú ("an Comhaontú") i bhfeidhm an 1 Samhain 1999 agus rinneadh é a fhormheas thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh le Cinneadh 2006/871/CE ón gComhairle ([1]).

(2) De bhun Airteagal X(5) den Chomhaontú, féadfaidh Cruinniú na bPáirtithe leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú.

(3) Le linn an ochtú seisiún dá chuid a bheidh ar siúl ón 26 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022, táthar ag súil go nglacfar i gCruinniú na bPáirtithe rún maidir le leasuithe ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú a ghlacadh.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe i ndáil leis na leasuithe atá beartaithe a bhunú, ós rud é go mbeidh an Rún ina cheangal ar an Aontas agus go mbeidh sé in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(5) Maidir leis na leasuithe atá beartaithe ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú a thíolaic an Ríocht Aontaithe agus a leagtar amach i ndréachtRún 8.2 a bhaineann leis na cúig speiceas seo a leanas: an ghé ghlas — *Anser anser*, an póiseard címordhearg — *Netta rufina*, an fheadóg ghlas — *Pluvialis squatarola squatarola*, an Roilleach — *Haematopus ostralegus longipes*, agus an tsíolghé — *Anser fabalis fabalis*, rannchuidíonn siad le leibhéal cosanta níos airde a bhaint amach do na daonraí speicis sin atá ag meath agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a fhormheas thar ceann an Aontais. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Chinneadh 2006/871/CE, tá an Coimisiún le forchoimeádas a chur isteach i ndáil leis na leasuithe atá beartaithe a bhaineann leis na cúig speiceas sin, ós rud é go mbeadh leasú ar Threoir 2009/147/EC ag teastáil uathu, rud nach féidir a dhéanamh laistigh de 90 lá ón dáta a ghlacfaidh Cruinniú na bPáirtithe iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é seo a leanas an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe sa Chomhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú:

([1]) Cinneadh 2006/871/CE ón gComhairle an 18 Iúil 2005 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Chomhaontaithe maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú (IO L 345, 8.12.2006, lch. 24).

([2]) Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

Formheasfaidh an tAontas na leasuithe ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú a thíolaic an Ríocht Aontaithe agus a leagtar amach i ndréachtRún 8.2 ón ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe sa Chomhaontú a bhaineann leis na cúig speiceas seo a leanas: an ghé ghlas — *Anser anser*, an póiseard cíordhearg — *Netta rufina*, an fheadóg ghlas — *Pluvialis squatarola squatarola*, an Roilleach — *Haematopus ostralegus longipes*, agus an tsíolghé — *Anser fabalis fabalis*.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. BEK